Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/619

24.4.2025

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 261/2024**

**an 6 Nollaig 2024**

**lena leasaítear Iarscríbhinn I (Cúrsaí tréidliachta agus fíteashláintíochta) a ghabhann le Comhaontú LEE [2025/619]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Treoir Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1648 ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear Treoir 2003/91/CE a mhéid a bhaineann le maolú le haghaidh cineálacha orgánacha de speicis glasraí atá oiriúnach don táirgeadh orgánach ([1]), tá sí le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Is le reachtaíocht maidir le cúrsaí fíteashláintíochta a bhaineann an Cinneadh seo. An reachtaíocht a bhaineann le cúrsaí fíteashláintíochta, ní bheidh feidhm aici maidir le Lichtinstéin fad a bheidh cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta leathnaithe chun Lichtinstéin a chumhdach, mar a shonraítear sna hoiriúnuithe earnála ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, níl feidhm le bheith ag an gCinneadh seo maidir le Lichtinstéin.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 15 (Treoir 2003/91/CE ón gCoimisiún) de Chaibidil III d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE:

'- **32022 L 1648**: Treoir Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1648 ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2022 (IO L 248, 26.9.2022, lch. 52).'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Threoir Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1648 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 7 Nollaig 2024, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

([1]) IO L 248, 26.9.2022, lch. 52.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Nollaig 2024.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*
*An tUachtarán*
Anders H. EIDE